



Foras na Gaeilge

Scéim na bhFéilte 2021

Scéim na bhFeilte 2021 – An Chéad ghlaoch (Féilte idir 01 Eanáir – 31 Bealtaine)

Ginearálta

Réimse maoinithe: Féilte pobail

Teideal na scéime: Scéim na bhFéilte

Bunús don scéim: Beidh Scéim na bhFéilte oscailte do choistí cuí chun deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar fhéilte ealaíon nó ar ghnéithe d'fhéilte atá á reáchtáil agus á gcur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge nó a bhfuil na healaíona teangabhunaithe mar chuid lárnach díobh.

Bun-aidhm na scéime: Díríonn an scéim seo ar fhéilte a bhfuil mar aidhm acu an Ghaeilge, na healaíona teangabhunaithe, na healaíona dúchasacha Gaeilge agus oidhreacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, mar dhlúthchuid den fhéile, agus ardán a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, don mhórphobal agus d'earnáil na n-ealaíon.

Lena chois sin sí aidhm na scéime deiseanna úsáide agus gréasáin a fhorbairt agus a chothú trí mheán na n-ealaíon.

Critéir na scéime

Bainfear úsáid as na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas:

- (a) Is gá d'ábhar na féile agus líon agus tarraingteacht na n-imeachtaí a bheith trí mheán na Gaeilge, ag teacht le bun-aidhm na Scéime.

(b) Is gá samhlaíocht chlár oibre lucht reáchtála na féile a bheith soiléir.

(c) Is gá líon rannpháirtithe intomhaiste.
- Cuirfidh an fhéile le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na n-ealaíon dúchasach a chur chun cinn trí aithriseoireacht, amhránaíocht, scéalaíocht, léamh scéalta, puipéadóireacht, drámaíocht, scannáin, litríocht, ealaíontóirí nua a chothú, nó réimse ar bith eile ealaíona a mheallfadh lucht freastail le Gaeilge.
- Beidh an Ghaeilge lárnach ar chlár na féile agus ar ábhar bolscaireachta na féile.

4. Tá clár oibre ag an iarratasóir a leagann amach aidhm, cuspóir, straitéis, plean forbartha lucht féachana agus rannpháirtíochta, plean margaíochta etc. na féile.
5. Tá cumas bainistíochta agus riaracháin ag grúpa eagraithe na féile, a bhfuil d'fhianaise air struchtúr an ghrúpa agus a réimse saineolais agus speisialtóireachta.
6. Tabharfaidh an t-iarratasóir eolas maidir le maoiniú nó tacaíocht ó fhoinsí eile, is é sin urraíocht, úsáid ionaid, am deonach, maoiniú chomhchineáil, teacht isteach measta agus luach ar airgead.

Riaradh agus cur chuige na scéime

Fad na scéime: Bliain amháin (dhá ghlaoch in aghaidh na bliana)

- Riaradh leathan deiseanna úsáidte agus gréasáin shóisialta a mbeidh lucht éisteachta/féachana leathan acu idir dhaoine óga, dhaoine fásta, mhórphobal an Bhéarla agus phobal na Gaeilge i gcoitinne.
- Gréasáin shóisialta Ghaeilge a chruthú agus a sholáthar.
- Grúpaí pobail a chumasú le tabhairt faoi fhéilte a sholáthar dá bpobal féin le hardán a thabhairt d'ealaíontóirí logánta i gcláir na bhféilte.
- Clár oibre a leagann amach aidhm, cuspóir, straitéis, plean forbartha lucht féachana agus rannpháirtíochta, plean margaíochta etc. na féile.
- Cur chuige soiléir ealaíon ina mbeifear ag súil le próiseas cruthaitheach samhlaíoch, forbartha d'ardchaighdeán.
- Inchur ag ealaíontóirí gairmiúla sa bhFéile nó iad siúd a bhfuil taithí acu ag obair le grúpaí trí mheán na n-ealaíon.
- Eolas maidir le foinsí maoinithe nó tacaíochta.
- Cumas bainistíochta agus riaracháin ag grúpa eagraithe na féile, a bhfuil d'fhianaise air struchtúr an ghrúpa agus a réimse saineolais agus speisialtóireachta.
- Plean i dtaca le meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an bhféile nuair a bheidh sí críochnaithe.
- Comhoibriú leis na ceanneagraíochtaí cuí.
- Aon mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge le bheith caite sa bhliain féilire reatha.
- Tabharfaidh Foras na Gaeilge tús áite sa phróiseas measúnaithe d'iarratais a léiríonn go mbeidh an t-imeacht ar fad nó fo-imeachtaí ábhartha suite i gceantar líonraí Gaeilge, bailte Seirbhísí Gaeltachta, limistéir Pleanála Teanga, agus ceantair atá ag feidhmiú faoin Scéim Pobal Gaeilge.
- Cuirfear fáilte faoi leith roimh iarratais a chuimsíonn fo-imeachtaí a dhéanann Colmcille 2021 a chomóradh.

Cineál maoinithe ar fáil

- Is é uasmhéid an deontais €5,000/£3,500

- Ní mhaoineoidh Foras na Gaeilge 100% de chostais iomlána na féile nó imeachtaí Gaeilge na Féile.

Riachtanais faoi leith

- Ní mór bunreacht a bheith ag coiste ghrúpa an iarratasóra
- Ní mór an seicliosta um chumhdach cuí comhlánaithe
- Ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na féile
- Ní mór uimhir bhailí le haghaidh sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ag an iarratasóir
- Ní mór teastas imréitigh cánach (más cuí) a bheith ag an iarratasóir
- Ní mór ráiteas a léiríonn tiomantas don Ghaeilge a bheith déanta ag an iarratasóir

Incháilitheacht

Cé atá incháilithe mar iarratasóir?

- Coistí atá bunaithe go dlíthiúil, is é sin bunreacht ag an gcoiste

Cé atá neamhcháilithe mar iarratasóir?

- Eagraíochtaí reachtúla agus ceanneagraíochtaí
- Fleánna Ceoil
- Aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge

Gníomhaíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim

- Imeachtaí ealaíon trí mheán na Gaeilge
- Deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasáin shóisialta Ghaeilge
- Féilte a bhfuil úsáid na Gaeilge ar a gclár agus ar a n-ábhar bolscaireachta

Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim

- Imeachtaí trí mheán an Bhéarla
- Imeachtaí le linn féile a bhfuil maoiniú faighte nó iarrtha dóibh cheana féin nach gcuimsíonn imeachtaí Gaeilge

Níl cead ach iarratas amháin a dhéanamh ar son eagraíocht ar bith sa ghlaoch seo.

Ní glacfar le níos mó ná dhá iarratas in aghaidh na bliana ó ghrúpa ar bith, mar shampla, iarratas amháin sa chéad ghlaoch agus iarratas eile sa dara ghlaoch.